# Babhta Coimisiúnaithe - Coimisiún na Meán

*Scéim Maoinithe Fuaim & Fís (B.60 & 61)*

Aibreán 2026

# An dáta deiridh d'iarratais ar an dá bhabhta:
# 12:00 an 6 Bealtaine 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua, TG4 eCoimisiúin, i bhfeidhm ag TG4. Ní mór duit clárú ar an gcóras nua chun iarratas a dhéanamh.**https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ó earnáil na léiriúchán neamhspleách le haghaidh tograí uaillmhianacha ardleibhéil Gaeilge ar féidir tacaíocht a fháil ina leith do bhabhta maoinithe na **Scéime Fuaim agus Fís (Babhta 60 – Oileán Comhroinnte, Scéalta Comhroinnte) nó (Babhta 61 – Babhta Oscailte).** Luaigh go soiléir an babhta ar a bhfuil d'iarratas dírithe.

Tabharfar tús áite do thograí a chuirfidh ábhar úr nua le haschur TG4 faoin mbabhta seo. Déan cinnte go gcomhlíonann d'iarratas riachtanais na Scéime Fuaim agus Fís atá leagtha amach sa treoir d'iarratasóirí ar Bhabhtaí 60 & 61 atá le foilsiú ag Coimisiún na Meán.

Moltar go láidir tograí a phlé roimh ré le hEagarthóirí Coimisiúnaithe TG4 sula ndéantar iarratas agus iad a bheith forbartha go leibhéal ard eagarthóireachta agus cruthaitheachta agus an ton, formáid agus sprioclucht féachana a bheith soiléir.

Ní mór do thograí a bheith ag teacht le tosaíochtaí eagarthóireachta TG4, lenár straitéis lucht féachana, agus lenár dtiomantas d'ábhar Gaeilge den scoth. Má tá d iarratas dírithe ar Babhta 60 - Oileán Comhroinnte, Scéalta Comhroinnte, cinntigh go bhfuil sé ag teacht le spriocanna na scéime.

Is riachtanas de chuid TG4 é go mbeadh eolas ag comhlacht ar bith a mbronntar coimisiúnú air ar Chaighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4, Polasaí Comhlíontachta TG4 agus na hoibleagáidí reachtúla agus rialála atá i gceist faoin Acht Craolacháin 2009 chomh maith le heolas a bheith acu ar Chóid agus Rialacha ábhartha Choimisiún na Meán (CnaM.ie).

## Sula ndéantar iarratas:

- **Léigh Spriocanna Straitéiseacha TG4:** (Lch 6) agus léirigh go soiléir an chaoi a dtacaíonn do mholadh le straitéis TG4.

- **Lucht Féachana:** Luaigh go soiléir an lucht féachana ar a bhfuil do mholadh dírithe. (Páistí, aoisghrúpa 13-17, 18-35, 35-54, 55+)

**Príomhphointí:**

- Spriocdáta **12:00 06/05/2026**. Beidh an gearrliosta curtha i gcrích ar an **14/05/2026.** Má chuirtear do thogra ar an ngearrliosta, déanfar teagmháil leat ar ríomhphost faoin **15/5/2026**

- Déanfar gearrliosta bunaithe ar riachtanais sceidealaithe agus tosaíochtaí straitéiseacha TG4.

- Má roghnaítear d iarratas, déanfaidh an tEagarthóir Coimisiúnaithe teagmháil leat faoi na chéad chéimeanna eile agus faoi iarratas foirmeálta a dhéanamh.

- Cé go bhfaighimid go leor moltaí do chláir faisnéise aonair agus sraitheanna faisnéise, molaimid machnamh a dhéanamh ar na seánraí eile a oireann do spriocanna straitéise agus sceideal TG4.

- Pléifear cearta ag an gcéad chéim eile den phróiseas má éiríonn leis an iarratas an gearrliosta a bhaint amach.

- Níor cheart tograí a diúltaíodh roimhe seo a chur isteach arís gan na hathruithe a moladh in aiseolas TG4 agus Choimisiún na Meán a bheith déanta orthu ar dtús agus plé cuimsitheach a bheith ann leis an Eagarthóir Coimisiúnaithe ábhartha roimh ré. Tá fáilte roimh iarratais nua ach moltar iad a phlé go mion leis an bhfoireann ábhair sula ndéantar aon iarratas.

- Beidh plean airgeadais agus buiséad comhlánaithe ar an teimpléad buiséid ábhartha ag teastáil le haghaidh gach iarratas. Ní dhéanfar iarratais a chuirtear ar aghaidh agus nach bhfuil buiséad comhlánaithe ar an teimpléad ábhartha leo a mheas. **Teimpléad buiséad TG4**

## Riachtanais Iarratais:

- Beidh foirm le líonadh isteach mar chuid den iarratas ar an suíomh nua eCoimisiúin. Is féidir an t-eolas a bhaineann leis na riachtanais thíos agus aon eolas breise a chur ag deireadh an iarratais mar aon le naisc ar bith ar mian libh a áireamh.

**Cuir san áireamh:**

- Cur síos ar an smaoineamh, ton, uaillmhian agus ar an gcur chuige cruthaitheach
- Amlíne léiriúcháin
- An fhoireann chruthaitheach agus a dtaithí
- Má tá tallann ar an scáileán i gceist, tabhair iad sin le fios chomh maith le nasc chuig a dtriail scáileáin mar chuid den iarratas.
- Léiriú ar an gcaoi a bhfuil an togra ag teacht le súil eile agus straitéis TG4
- Sprioclucht féachana
- Míniú ar an gcaoi a gcáilíonn an togra seo do Bhabhta 60 (Oileán Comhroinnte) nó do Bhabhta 61 (Oscailte) faoin scéim F&F
- Cur chuige eagarthóireachta teangeolaíoch don léiriú - ní mór an cur chuige atáthar a úsáid sa chlár / sa tsraith chun an Ghaeilge agus caighdeán agus saibhreas na Gaeilge a chinntiú.

**Ábhar Ilardáin:** Beidh TG4 ag súil go mbeifear in ann roinnt ábhair a chur ar fáil ar ardáin éagsúla. Ní mór a mheas an bhfuil an t-ábhar oiriúnach do na hardáin dhigiteacha mar chuid de do chur chuige ach ní gá go mbeadh gach smaoineamh in oiriúint do na hardáin dhigiteacha.

**Tacaíocht:** Beidh eagarthóirí coimisiúnaithe TG4 ar fáil le haghaidh cruinnithe le léiritheoirí a bhfuil suim acu sa bhabhta seo. Is féidir ceisteanna a chur ar aghaidh nó plé tosaigh a eagrú ach teagmháil a dhéanamh le: Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

## Babhta 60: Oileán Comhroinnte, Scéalta Comhroinnte

Tá TG4 ag lorg tograí láidre, uaillmhianacha don scéim Fuaim & Fís *Oileán Comhroinnte, Scéalta Comhroinnte* , a léiríonn fís shoiléir don todhchaí chomhroinnte ar an oileán. Cuirtear fáilte roimh thograí ina dtugtar léargas ar an eispéireas 32 contae - tograí a léiríonn gur pobal amháin muid, ár dtaithí agus ár saol comhroinnte agus a thugann léargas nua ar oidhreacht iomlán oileán na hÉireann.

Tá spéis ach go háirithe againn i dtograí a bhfuil gné trasphobail nó trasteorann ag baint leo, go háirithe comhléirithe Thuaidh/Theas agus foirne léiriúcháin trasteorann ina bhfuil comhoibriú cruthaitheach agus craoltóireachta ina gcroílár. Cuirtear fáilte roimh iarratais in aon seánra atá luaite thíos a oireann d aidhmeanna na scéime seo.

**Seánraí Incháilithe (do Babhta 60 & 61 araon):**

## Fíorasach:

Tá TG4 ag lorg tograí faisnéise uaillmhianacha, ardchaighdeáin i nGaeilge don phríomh-chlársceideal agus d'ardáin TG4. Táimid ag iarraidh ábhar comhaimseartha, géar a bhfuil fís chruthaitheach láidir ann, scéalaíocht shainiúil agus carachtair láidre agus an cumas ann tionchar a imirt ar an lucht féachana in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ar líne agus ar an scáileán, trí chur chuige ilardáin TG4.

Tá suim ar leith againn i scéalta tochtmhara atá fréamhaithe in Éirinn an lae inniu, a thugann léargas agus peirspictíocht nua dúinn, a bhfuil d'acmhainn iontu a bheith ina sraitheanna in-athfhillte nó ina scannáin aonair, faoi thionchar cainteoirí líofa Gaeilge.

Tá spéis againn freisin in ábhar Fíorasach Speisialta, scannáin nó sraitheanna archaighdeáin san áireamh - Stair, Eolaíocht, Nádúr, Spioradáltacht agus eile. Scéalta atá ábhartha sa lá atá inniu ann agus a léiríonn meonta nua.

Moltar cur chuige dána cruthaitheach - idir mhodhanna breathnaitheacha, scéalaíocht údarásach agus stíleanna eile a dhéanann tochailt ón taobh istigh - lena mbaineann guth sainiúil, iontaofa agus ton láidir Gaelach. Glacfar le mionsraitheanna (3–4 chlár) go háirithe, chomh maith le scannáin aonair agus fadchláir faisnéise a mbeidh tarraingt mhór acu i sceideal Fómhair 2027.

**Is fiú a thabhairt faoi deara go mbíonn comórtas géar ann do choimisiúnú ábhair faisnéise mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear faoin seánra seo.*

## Drámaíocht & Greann:

Tá TG4 ag lorg tograí drámaíochta agus grinn uaillmhianacha, ardchaighdeáin i nGaeilge don bhabhta seo. Táimid ag iarraidh tograí a bhfuil fís chruthaitheach láidir acu, ina bhfuil fócas soiléir ar an lucht féachana agus ina gcuirtear scéalaíocht shainiúil, chomhaimseartha ar fáil a mbeidh tionchar mór acu agus a mhairfidh go deo i gcartlann TG4.

Tá suim ar leith againn i dtograí a thugann léamh dána ar an seánra, a bhfuil coincheapa láidre sainiúla acu agus ar tograí iad a bhféadfaí tuilleadh sraitheanna a bhaint astu amach anseo. Tabharfar tosaíocht do thograí a léiríonn úrnuacht, ábharthacht chultúir agus uaillmhian chomh maith le tuiscint ón tús ar chur chuige ilardáin TG4.

## Daoine Óga (13-17) & Lucht Féachana faoi 35:

Tá TG4 ag lorg smaointe úra, uaillmhianacha, spreagúla ilardáin atá dírithe ar dhéagóirí (13-17 mbliana) agus ar lucht féachana 18-35 bliana.   Táimid ag iarraidh ábhair a léiríonn fuinneamh, éagsúlacht agus doimhneacht shaol na ndaoine óga a labhraíonn Gaeilge in Éirinn agus thar lear, le guth sainiúil agus cur chuige comhaimseartha.

Tá suim ar leith againn in ábhar dána, nuálach, siamsúil agus tarraingteach a nascann paisin, spéiseanna agus taithí an lucht féachana sin le chéile – idir ghrinn, shiamsaíocht, fhaisnéis, fhíorasach, fhormáidí agus drámaíocht.  Ní mór an sprioclucht féachana a bheith soiléir agus tuiscint láidir a bheith agat ar an gcaoi a mheallfaidh an t-ábhar seo iad agus a mbeidh sé ábhartha dóibh ar fud na n-ardán.

## Siamsaíocht:

Táimid ag lorg smaointe nua siamsúla, géimiúla agus dána, a chuirfidh daoine ag caint.  Ba mhaith le TG4 coimisiúnú a dhéanamh ar shraitheanna siamsaíochta atá eisceachtúil, a bhriseann an múnla agus a thagann le  súil eile  TG4.  Ba chóir go mbeadh lucht féachana TG4 le feiceáil ar an scáileán agus go mbeadh an sprioc agus an cur chuige soiléir.

Táimid sásta glacadh le smaointe ar fud raon seánraí, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta dóibh:  Seónna ardfhuinnimh agus dinimiciúla a bheidh taifeadta i stiúideo nó in áiteanna eile a tharraingíonn lucht féachana leathan; Cláir shiamsaíochta fhíorasacha a thugann ardú croí agus a chuireann ábhar siamsaíochta ar fáil do na glúnta go léir agus formáidí siamsaíochta.   Cuirfimid fáilte ar leith roimh smaointe ina bhfuil cur chuige

ilardáin agus ar féidir iad a chur ar fáil go nádúrtha ar na hardáin dhigiteacha chun an lucht féachana is leithne a mhealladh.

## Saolchláir:

Tá TG4 ag lorg smaointe úra, uaillmhianacha do shraitheanna saolchláir agus formáidí a thugann léargas úsáideach ar shaol comhaimseartha na hÉireann ar bhealach siamsúil, éadrom agus mealltach. Táimid ag iarraidh ábhair a chuireann eolas praiticiúil agus ábhar inspioráide ar fáil don saol laethúil ina bhfuil fócas soiléir ar an lucht féachana agus cur chuige láidir eagarthóireachta.

Tá fáilte roimh thograí atá dírithe ar sprioclucht féachana ar leith, a mbeifí ábalta go mór tuilleadh sraitheanna a bhaint astu agus a bheadh oiriúnach don sceideal roimh 9pm go háirithe. Cuirfear béim ar fhormáidí soiléire, inrochtana a oibríonn go nádúrtha ar na hardáin go léir, réimsí mar stíl mhaireachtála, taisteal, cócaireacht, feirmeoireacht, sláinte, caidrimh, tithíocht, teach agus gairdín srl.

## Ceol:

Tá TG4 ag lorg tograí uaillmhianacha ceoil a chuimsíonn réimse leathan seánraí - le fócas ar leith ar cheol agus damhsa traidisiúnta, ach freisin ar réimsí eile a bhfuil spéis ag lucht féachana TG4 iontu, lena n-áirítear ceol tíre, ceol comhaimseartha agus eile. Tá suim againn in ábhar a cheanglaíonn an taibhiú agus an scéalaíocht le chéile agus i dtograí a chruthaíonn ardáin nua agus cóiriú úr don cheol, ar líne agus ar an scáileán.

Cuirtear fáilte roimh fhormáidí éagsúla - sraitheanna, cláir aonair agus imeachtaí beo - a bhfuil saol láidir digiteach lárnach iontu ón tús. Ba chóir go mbeadh na tograí in ann seasamh astu féin sa phríomhsceideal, chomh maith le lucht féachana leathan agus/nó lucht féachana nua a mhealladh chuig hardáin TG4.  Fáilteofar roimh smaointe a thugann léargas nua ar cheol na hÉireann, a chuireann tallann nua láithreoireachta agus ceoil os ár gcomhair, a chuireann ábhar ón gcartlann in oiriúint do stíl nua clár agus a chuireann leis an ábhar atá ár fáil dár lucht féachana, lena n-áirítear deiseanna comhoibrithe agus comhléirithe in Éirinn agus thar lear.

## Na hEalaíona:

Tá TG4 ag lorg ábhar ealaíon uaillmhianach, trasardáin i nGaeilge a bhfuil brí agus taitneamh faoi leith ag baint leis, atá fréamhaithe i saol cruthaitheach Éire na linne seo nó a thugann léargas eile ar shaothar ón am atá caite. Táimid ag iarraidh ábhair atá faoi stiúir na gcruthaitheoirí féin, ina dtugtar léargas ar réimsí éagsúla ealaíne agus a chuireann tallann shainiúil na tíre seo os comhair an lucht féachana ar bhealach úr, comhaimseartha.

Tá suim ar leith againn i dtograí a léiríonn nuálaíocht agus forbairt chultúir agus i saothar a fhreagraíonn ar bhealach cruthaitheach d'ócáidí nó d'imeachtaí móra comórtha sa saol poiblí. Tabharfar tús áite do mhionsraitheanna (uair an chloig nó leathuaire), chomh maith le scannáin aonair ardchaighdeáin do thráthanna speisialta sa sceideal.

Faoi bhabhta 60, fáilteofar roimh thograí d'ócáidí agus imeachtaí suntasacha ceiliúrtha nó comórtha a thugann an pobal ó thuaidh agus ó dheas le chéile (m.sh 30 bliain ó síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta in 2028), le craoladh ar TG4 amháin nó i gcomhpháirt le craoltóirí ó thuaidh.

## Cúla 4:

**Lucht Féachana Bunscoile nó Réamhscoile:** Ábhar tarraingteach agus spraíúil i ngach seánra (beo-ghnímh, beochan nó formáid mheasctha) ina mbeidh páistí, carachtair nó tallann óg láithreoirí, a mheallfaidh an lucht féachana ar an scáileán. Is fiú smaoineamh ar an ábhar spéise is mó atá ag daoine óga - spórt, ealaín, eolaíocht, peataí, teicneolaíocht etc. Ní mór smaointe/tuairimí an lucht féachana a chur san áireamh agus ní mór stíl, ton agus brandáil láidir a bheith soiléir ó thús an togra. Táimid ag lorg ábhair don lucht féachana seo a leanas:

Lucht féachana réamhscoile, faoi 5 bliana
Lucht féachana luathbhunscoile (5-7 mbliana)
Lucht féachana bunscoile (8-12 bhliain)

I gcás sraitheanna atá á bhforbairt, is fiú míreanna nó gnéithe a d fhéadfaí a úsáid ar na hardáin ar fad a áireamh.

## Oideachas:

Tá TG4 ag lorg ar smaointe uaillmhianacha ilardáin a chuireann leis an oideachas, leis an bhfoghlaim agus le sealbhú na Gaeilge, chomh maith le hábhar eile trí mheán na Gaeilge. Táimid ag iarraidh ábhar soiléir, tarraingteach a thacaíonn leis an bhfoghlaim agus a fhreastalaíonn ar riachtanais lucht féachana éagsúil.

## Litearthacht sna Meáin:

Tá TG4 ag lorg smaointe uaillmhianacha ilardáin a chothaíonn scileanna smaointeoireachta criticiúla i measc lucht féachana de gach aois, lena n-áirítear ábhar idirghlúine. Táimid ag iarraidh ábhar soiléir, tarraingteach a chuidíonn leis an lucht féachana dul i ngleic leis tírdhreach na meán comhaimseartha ar bhealach muiníneach agus eolach.

Tá suim ar leith againn in ábhar do lucht féachana óg (12–16 bliana d aois) a thacaíonn leo rochtain níos fearr a fháil ar na meáin éagsúla, iad a thuiscint agus a anailísiú, idirdhealú a dhéanamh idir fíricí agus tuairimí, agus mífhaisnéis a aithint. Ba cheart do thograí freisin tuiscint a chothú ar fhoinsí, ar rioscaí, ar bhuntáistí agus ar mhíbhuntáistí na hintleachta saorga (AI), agus ar an tionchar atá aici ar shaol an lae inniu.

**Nóta:** Ní dhéanfar iarratais nach gcomhlíonann na riachtanais thuas a mheas.

### Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/.

Ní mór iarratais a dhéanamh roimh an sprioc-am (**12:00 06/05/2026)** agus iad a chur ar aghaidh trí ***CnaM 60 Oileán Comhroinnte 2026*** nó ***CnaM 61 Samhradh 2026*** a roghnú ón roghchlár. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an togra a sheoladh chuig Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4*